**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0005/2024**

25.1.2024

***

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla
(10942/2023 – C9-0459/2023 – 2023/0181(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Joachim Schuster

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

SEASAMH MIONLAIGH .......................................................................................................7

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...............................................................................................................................8

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ...................................................................9

FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE RESPONSIBLE ....................................10

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla**
**(10942/2023 – C9-0459/2023 – 2023/0181(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10942/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (10941/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0459/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0005/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Angóla.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 23 Márta 2021 ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le hAngóla maidir le comhaontú um infheistíocht a éascú. Tháinig an méid sin sna sála ar ráiteas comhpháirteach a d'eisigh Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, Valdis Dombrovskis agus Aire Trádála agus Tionscalaíochta Angóla, Victor Fernandes, an 8 Meán Fómhair 2020 inar deimhníodh '*a rún tús a chur le plé tosaigh maidir le comhaontú infheistíochta AE-Angóla, anuas ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, chun díriú ar infheistíocht a éascú.'* An 26 Bealtaine 2021, d'údaraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh tús a chur leis an gcaibidlíocht agus ghlac sí treoracha caibidlíochta.

An 22 Meitheamh 2021, sheol an tAontas agus Angóla caibidlíocht maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú ('an Comhaontú'). Tugadh an chaibidlíocht chun críche tar éis ceithre bhabhta caibidlíochta an 18 Samhain 2022.

Is é cuspóir foriomlán an Chomhaontaithe foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil, feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus slógadh agus coinneáil na hinfheistíochta idir an tAontas agus Angóla a éascú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta nua-aimseartha simplithe a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche, rud a rachaidh chun tairbhe do chuideachtaí eachtracha agus intíre araon. Cuirtear forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus cruthú post chun cinn agus neartaítear an caidreamh infheistíochta déthaobhach leis an gcomhaontú. Is é an Comhaontú seo an chéad chomhaontú maidir le hinfheistíocht a éascú a rinne an tAontas riamh a chaibidil.

Tá 4 chaibidil shubstainteacha sa Chomhaontú (II. Trédhearcacht agus intuarthacht; III: Nósanna imeachta údaraithe a chuíchóiriú; IV. Pointí fócasacha agus ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara; V. Infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe). I gCaibidil VI 'Agóid a sheachaint agus a réiteach', atá bunaithe ar chomhar idir na Páirtithe agus ar réiteach a chomhaontú ar bhonn frithpháirteach, áirítear inti ina theannta sin an fhéidearthacht go ndéanfaí eadráin idir Stáit mar rogha dheireanach, anuas ar rialacha idirghabhála.

Ina theannta sin, leis an gComhaontú, déantar gné forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú sa chaidreamh infheistíochta, lena n-áirítear gealltanais gan dlíthe agus caighdeáin saothair nó chomhshaoil a lagú chun hinfheistíocht a mhealladh. Áirítear ann gealltanais chun comhaontuithe idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear Comhaontú Pháras. Leis an gComhaontú, ceanglaítear ar na Páirtithe cleachtais ghnó fhreagracha ag infheisteoirí a chur chun cinn agus comhar déthaobhach a neartú maidir le gnéithe infheistíochta de bheartais i ndáil leis an athrú aeráide agus beartais um chomhionannas inscne.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

# SEASAMH MIONLAIGH

De bhun Riail 55(4) de na Rialacha Nós Imeachta

Saskia Bricmont (Verts/ALE)

Is cinnte gur féidir le Angóla tairbhe a bhaint as infheistíochtaí díreacha coigríche ar choinníoll go dtacaíonn an creat rialála iomchuí leis. Mar sin féin, tá ainm míthreorach ar an gComhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe (CÉII). Níl aon fhoráil den sórt sin a bhfuil sé d'aidhm aige infheistíocht inbhuanaithe a chothú. Níl aon sainmhíniú ann ar infheistíocht inbhuanaithe agus ní thuartar leis go nglacfaidh údaráis saothair nó chomhshaoil páirt sa rialachas. Cé go n-áirítear gealltanais dhearbhaitheacha sa téacs maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, níl forálacha ceangailteacha ann i gcás neamhchomhlíonadh. Cé go bhfuil Airteagal ann maidir leis na naisc leis an ngeilleagar óstach, ní cheanglaítear ar infheisteoirí a léiriú go rannchuideoidh a dtionscadail le forbairt inbhuanaithe na tíre ná lena héagsúlú eacnamaíoch. I ndáil leis an méid sin, níl faireachán le déanamh ar éagsúlú eacnamaíoch. Ba cheart CÉII a bheith fite fuaite le Clár Ilbhliantúil Táscach Angóla chun tacú leis na cuspóirí éagsúla a leagtar amach sa doiciméad seo agus a comhaontaíodh le húdaráis agus le geallsealbhóirí Angóla agus le comhpháirtithe Eorpacha (Ballstáit, BEI...) i gcomhréir le comhleanúnachas beartais ar mhaithe le forbairt.

Ós rud é go bhfuil CÉII ina threoirphlean do chomhaontuithe comhchosúla amach anseo, ba cheart é a fheabhsú dá réir sin chun rannchuidiú i ndáiríre le héagsúlú eacnamaíoch agus le forbairt inbhuanaithe.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aige, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| An tAonad Infheistíochta agus Maoine Intleachtúla, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, an Coimisiún Eorpach |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | An Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a thabhairt i gcrích | | | |
| **Tagairtí** | 10942/2023 – C9-0459/2023 – 2023/0181(NLE) | | | |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 22.11.2023 | | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>14.12.2023 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>14.12.2023 | DEVE<br>14.12.2023 | EMPL<br>14.12.2023 | ENVI<br>14.12.2023 |
| | FEMM<br>14.12.2023 | | | |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | AFET<br>18.7.2023 | DEVE<br>23.10.2023 | EMPL<br>29.6.2023 | ENVI<br>17.7.2023 |
| | FEMM<br>13.7.2023 | | | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Joachim<br>Schuster<br>27.6.2023 | | | |
| **Pléite sa choiste** | 28.11.2023 | | | |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 32<br>2<br>5 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Markéta Gregorová, Roman Haider, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Ernő Schaller-Baross, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez | | | |
| **Substitutes present for the final vote** | Michiel Hoogeveen, Włodzimierz Karpiński, Liudas Mažylis | | | |
| **Substitutes under Rule 209(7) present for the final vote** | Hildegard Bentele, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Lucia Vuolo | | | |
| **Date tabled** | 26.1.2024 | | | |

## FINAL VOTE BY ROLL CALL IN COMMITTEE RESPONSIBLE

| 32 | + |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Dominik Tarczyński, Jan Zahradil |
| ID | Paolo Borchia, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Tiziana Beghin, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Daniel Caspary, Włodzimierz Karpiński, Gabriel Mato, Liudas Mažylis, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Izaskun Bilbao Barandica, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Domènec Ruiz Devesa, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |

| 2 | - |
|---|---|
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |

| 5 | 0 |
|---|---|
| NI | Carles Puigdemont i Casamajó |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh